C/2026/4090

24.7.2026

TUAIRIM ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meitheamh 2026

maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann le rialú teorann arna athbhunú ag an nGearmáin ag a teorainneacha talún i gcomhréir le hAirteagal 27a(3) de Rialachán (AE) 2016/399 (Cód Teorainneacha Schengen)

(is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

(C/2026/4090)

(1) I gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, cuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, tearmann agus inimirce, maille leis an gcoirpeacht a chosc agus a chomhrac.

(2) De bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (códú) ([1]), d'fhéadfadh Ballstát, nuair a bhíonn bagairt thromchúiseach ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach, rialú teorann a athbhunú ar bhonn eisceachtúil sealadach ag a theorainneacha inmheánacha ar fad nó ag codanna sonracha dá theorainneacha inmheánacha. Níor cheart an méid sin a dhéanamh ach amháin mar rogha dheiridh agus maidir le raon feidhme agus fad athbhunú sealadach an rialaithe teorann, níor cheart go sáródh sé sin an méid is gá chun freagairt don bhagairt thromchúiseach a sainaithníodh.

(3) Sonraítear in Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt thromchúiseach intuartha, nach mór dó fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hathbhunú beartaithe an rialaithe sin, 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú an rialaithe teorann atá beartaithe, nó a luaithe is féidir i gcás ina bhfuil an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú atá beartaithe.

(4) Ceanglaítear le hAirteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen ar an gCoimisiún, tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, ar bhonn an fhorais chéanna, tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin.

(5) Rinneadh athbhreithniú substaintiúil ar an gcreat chun rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú agus a fhadú le Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), a tháinig i bhfeidhm an 10 Iúil 2024. Dá réir sin, rinneadh tús na dtréimhsí uile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil II de Chód Teorainneacha Schengen a ríomh ón dáta sin.

(6) Le litir dar dáta an 9 Meán Fómhair 2024, thug údaráis na Gearmáine fógra faoi rialú teorann a athbhunú ar bhonn Airteagal 25a de Chód Teorainneacha Schengen, ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an mBeilg, an Danmhairg, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír ar feadh tréimhse 6 mhí ón 16 Meán Fómhair 2024 go dtí an 15 Márta 2025. Sa litir céanna, d'fhógair údaráis na Gearmáine go n-athbhunófaí rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an Ostair, ón 12 Samhain 2024, agus ag na teorainneacha sin leis an bPolainn, leis an tSeicia agus leis an Eilvéis ón 16 Nollaig 2024.

([1]) (IO L 77, 23.3.2016, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (IO L, 2024/1717, 20.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1717/oj).

(7) Le litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2024, chuir údaráis na Gearmáine isteach an teimpléad um fhógra a thabhairt maidir le rialú teorann ag an teorainn inmhéanach talún leis an Ostair a athbhunú, ar feadh tréimhse 4 mhí agus 3 lá, ón 12 Samhain 2024 go dtí an 15 Márta 2025.

(8) Le litir dar dáta an 10 Nollaig 2024, chuir údaráis na Gearmáine isteach a fógra maidir le rialú teorann ag an teorainn inmhéanach talún leis tSeicia, an Pholainn agus an Eilvéis a athbhunú, ón 16 Nollaig 2024 go dtí an 15 Márta 2025.

(9) Le litir dar dáta an 12 Feabhra 2025, thug údaráis na Gearmáine fógra faoi na cásanna d'athbhunú uile thuasluaite a fhadú ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 16 Márta 2025 go dtí an 15 Meán Fómhair 2025.

(10) An 7 Bealtaine 2025, d'fhógair údaráis na Gearmáine go poiblí go ndéanfaí rialú teorann ag a teorainneacha inmheánacha talún a ghéarú de réir a chéile. An tráth céanna, eisíodh treoir aireachta ('Weisung'), lenar cumasaíodh diúltú cead isteach ag an teorainn inmheánach d'iarratasóirí ar thearmann.

(11) Tar éis an fhógra maidir le dlús a chur de réir a chéile le rialú teorann inmheánaí ag na teorannacha inmheánacha talún ar fad, ní bhfuair seirbhísí an Choimisiúin nuashonrú ar an bhfógra a rinneadh an 12 Feabhra 2025 ach cuireadh ar an eolas iad le linn teagmhálacha le Comhordaitheoir Schengen, lena n-áirítear ag cruinniú le húdaráis na Gearmáine an 28 Bealtaine 2025.

(12) Le litir dar dáta an 18 Lúnasa 2025, thug údaráis na Gearmáine fógra faoi athbhunú an rialaithe teorainn ag na teorainneacha inmheánacha talún ar fad a fhadú an dara huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 16 Meán Fómhair 2025 go dtí an 15 Márta 2026.

(13) Le litir dar dáta an 12 Feabhra 2026, thug údaráis na Gearmáine fógra faoi athbhunú an rialaithe teorainn ag na teorainneacha inmheánacha talún ar fad a fhadú an tríú huair ar feadh tréimhse bhreise 6 mhí, ón 16 Márta 2026 go dtí an 15 Meán Fómhair 2026.

(14) An 18 Márta 2026, agus i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, chuir an Ghearmáin isteach tuarascáil maidir le rialú teorann ag a teorainneacha inmheánacha talún a athbhunú agus a fhadú, leis an mBeilg, an Danmhairg, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír le haghaidh na tréimhse idir an 16 Meán Fómhair 2024 agus an 15 Meán Fómhair 2025, ag a teorainn talún leis an Ostair le haghaidh na tréimhse idir an 12 Samhain 2024 agus an 11 Samhain 2025, agus ag a teorainneacha talún leis an tSeicia, an Pholainn agus an Eilvéis le haghaidh na tréimhse idir an 16 Nollaig 2024 agus an 15 Nollaig 2025.

(15) Bhí an Ghearmáin páirteach in idirphlé struchtúrtha an Choimisiúin maidir le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Tar éis fógraí a fháil ón nGearmáin maidir le fadú, leanadh den idirphlé struchtúrtha sin mar chuid de phróiseas comhairliúcháin dá bhforáiltear le hAirteagal 27a(4) de Chód Teorainneacha Schengen.

(16) Tugadh tuairisc ar staid na himeartha faoi láthair ag na teorainneacha inmheánacha sa Tuarascáil ar Staid Schengen an 23 Aibreán 2025 ([3]) agus pléitear go tráthrialta í ag Comhairle Schengen.

(17) Tar éis dó fógraí a fháil arna gcur isteach i ndáil le rialú teorann ag an teorainn inmheánach a fhadú faoi Airteagal 25a(4) arb é a bhíonn mar thoradh air sin go leantar den rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha ar feadh níos mó ná 12 mhí san iomlán, tá an Coimisiún le tuairim a eisiúint maidir leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann sin, dá bhforáiltear in Airteagal 27a(3) de Chód Teorainneacha Schengen. Maidir le rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an mBeilg, an Danmhairg, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír a fhadú, ba é sin an fógra a cuireadh isteach an 12 Feabhra 2025. Maidir le rialú teorann ag na teorainneacha inmheánacha talún leis an Ostair, an tSeicia, an Pholainn agus an Eilvéis a fhadú, ba é sin an fógra a cuireadh isteach an 18 Lúnasa 2025.

([3]) COM (2025) 185 final.

(18) Tar éis measúnú a dhéanamh ar na fógraí thuasluaite uile agus ar an tuarascáil thuasluaite, arna forlíonadh leis an bhfaisnéis a sholáthair an Ghearmáin faoi chuimsiú an phróisis comhairliúcháin agus doiciméid oifigiúla eile, nithe atá ar fáil go poiblí, glacann an Coimisiún an Tuairim seo.

MEASÚNÚ AR NA FÓGRAÍ AGUS AR AN TUARASCÁIL

I. CEANGLAIS FHOIRMIÚLA

(19) Faoi chuimsiú athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, forchuirtear roinnt oibleagáidí foirmiúla ar na Ballstáit le Cód Teorainneacha Schengen.

(20) Le hAirteagal 25a (4) CTS, i gcás ina bhfuil bagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach i mBallstát intuartha, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do na Ballstáit eile 4 seachtaine ar a dhéanaí roimh athbhunú beartaithe an rialaithe teorann.

(21) Tugann an Coimisiún faoi deara gur cuireadh isteach fógraí an 16 Meán Fómhair 2024 tráth is lú ná 4 seachtaine roimh theacht i bhfeidhm athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach féidir comhlíonadh na hoibleagáide maidir le fógra a chur isteach go tráthúil a fhágáil ar lár ach amháin i gcás ina mbíonn an Ballstát ar an eolas faoi na himthosca is cúis leis an ngá atá le rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú níos lú ná 4 seachtaine roimh an athbhunú atá beartaithe.

(22) Rinneadh na fógraí maidir leis an rialú teorann inmheánaí a fhadú trí úsáid a bhaint as an teimpléad a bunaíodh chun na críche sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún ([4]).

(23) Níor chuir an Ghearmáin ainmneacha na bpointí trasnaithe údaraithe in iúl ina fógra mar a cheanglaítear le hAirteagal 27(1)(c) de Chód Teorainneacha Schengen.

(24) Le hAirteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcásanna ina bhfuil an rialú teorann i bhfeidhm ar feadh 6 mhí, measúnú riosca a sholáthar in aon fhógra ina dhiaidh sin ina léireofar scála agus éabhlóid réamh-mheasta na bagartha tromchúisí is bun le hathbhhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Cé go bhféadfadh sé a bheith deacair do na húdaráis náisiúnta measúnú beacht a dhéanamh ar scála agus ar fhad réamh-mheasta na bagartha tromchúisí, tugann an Coimisiún dá aire, san fhaisnéis atá sna fógraí a sholáthair údaráis na Gearmáine, nach measúnú riosca mionsonraithe atá inti de bhun Airteagal 27(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ina gcuirtear san áireamh treochtaí ó thaobh fhorbairt na bagartha tromchúisí sa tréimhse roimh athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí, agus ina n-úsáidtear anailísí riosca arna n-ullmhú ar an leibhéal náisiúnta agus ag gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais.

(25) Níl measúnú riosca mionsonraithe ná faisnéis mhionsonraithe sna fógraí a rinne an Ghearmáin maidir leis na gluaiseachtaí neamhúdaraithe tobanna ar mórscála de bhun Airteagal 27(3) de Chód Teorainneacha Schengen. Ina theannta sin, sa mheasúnú sin níl faisnéis a fhaightear ó ghníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais i gcomhréir lena sainorduithe féin ná anailís sonraí ó chórais faisnéise ábhartha mar a cheanglaítear leis an bhforáil chéanna sin.

(26) An tuarascáil maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú a bhí le cur isteach ag an nGearmáin, ar bhonn Airteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, tráth a rachadh 12 mhí in éag, (an 16 Meán Fómhair 2025 i gcás na Beilge, na Danmhairge, na Fraince, Lucsamburg agus na hÍsiltíre; an 12 Samhain 2025 i gcás na hOstaire, agus an 16 Nollaig 2025 i gcás na Seicia, na Polainne agus na hEilvéise), cuireadh isteach í an 18 Márta 2026.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear teimpléad chun fógra a thabhairt maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach (IO L, 2025/315, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/315/oj).

(27) Leanann na tuarascálacha maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus a fhadú an fhormáid aonfhoirmeach a bhunaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ([5]).

II. RIACHTANAS AGUS COMHRÉIREACHT

Seasamh Údaráis na Gearmáine

(28) Sna fógraí uile uathu, cuireann údaráis na Gearmáine gurb é is bonn cirt le rialú teorann inmheánaí a athbhunú bagairt thromchúiseach a bheith ann ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach a eascraíonn as staid eisceachtúil arb é is príomhthréith di gluaiseachtaí neamhúdaraithe tobanna ar mórscála náisiúnach tríú tír, de réir bhrí Airteagal 25(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/399. Ina theannta sin, tagraíonn na fógraí do dhúshláin ghinearálta a bhaineann leis an imirce agus leis an tslándáil.

(29) A mhéid a bhaineann leis an staid imirce, tagraíonn údaráis na Gearmáine d'éifeacht charnach atá ag an líon ard iarrthóirí tearmainn, gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír, agus tairbhithe de chosaint shealadach ón Úcráin, agus don bhrú a eascraíonn as sin ar na seirbhísí poiblí, go háirithe córas iontrála, lánpháirtithe agus glactha Länder agus na mbardas, chomh maith leis an gcóras breithiúna, an t-oideachas poiblí agus an leas sóisialta, rud a chuireann leis an teannas sóisialta agus leis an deighilt i measc an phobail. Cuireann údaráis na Gearmáine i dtábhacht go láidir go bhfuil sé tábhachtach ní hamháin staid reatha na himirce neamhdhleathaí a mheas, ach freisin insreabhadh seasta na himirce neamhdhleathaí le blianta beaga anuas agus ar an mbrú a eascraíonn as sin ar chórais iontrála agus lánpháirtithe, ar údaráis imirce agus ar chúirteanna, ar an oideachas poiblí agus ar chórais leasa shóisialta. Déanann an staid sin difear ní hamháin do chodanna áirithe de theorainneacha na Gearmáine, ach don chríoch chónaidhme ina hiomláine.

(30) A mhéid a bhaineann leis an staid slándála, tagraíonn údaráis na Gearmáine d'fhorbairtí slándála domhanda, lena n-áirítear cogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, an staid slándála sa Mheánoirthear, an staid leochaileach agus na forbairtí san Afganastáin agus sa tSiria, agus an géarú idir Iosrael agus an Iaráin.

(31) Trí rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú ar bhonn sealadach, is féidir na daoine sin a bhfuil bagairt (sceimhlitheoireachta) ag baint leo a shainaithint go luath agus freagairt do bhearta póilíneachta ábhartha. Sna tréimhsí tuairiscithe ábhartha a chumhdaítear leis an tuarascáil, ar bhonn Airteagal 33(2) de Chód Teorainneacha Schengen, ghabh údaráis na Gearmáine beagnach 1 500 duine a raibh baint acu le coireacht a raibh cuspóir polaitiúil léi.

(32) Tagraíonn údaráis na Gearmáine do shraith ionsaithe agus coireanna foréigneacha, go háirithe iad siúd a bhain le sceana, rud a chuireann le mothú neamhdhiongbháilteachta i measc an phobail.

(33) Measann údaráis na Gearmáine go bhfuil athbhunú rialaithe teorann ag a theorainneacha inmheánacha riachtanach agus comhréireach i bhfianaise na n-easnamh atá ann faoi láthair o thaobh bainistiú teorainneacha seachtracha agus mífheidhmiú chóras Bhaile Átha Cliath, rud a chuireann cosc ar aistrithe Bhaile Átha Cliath chuig na Ballstáit ábhartha.

(34) Tarraingíonn údaráis na Gearmáine aird ar an éifeacht dhíspreagthach láidir a bhaineann le rialú teorann inmheánaí a athbhunú a mhéid a bhaineann le smuigleáil daoine agus imirce neamhdhleathach. Bhraith údaráis na Gearmáine thart ar 83 600 iontráil neamhúdaraithe in 2024 agus thart ar 63 000 iontráil neamhúdaraithe in 2025. Ina theannta sin, thaifead na Póilíní Cónaidhme 1 500 cás de smuigleáil imirceach agus thart ar 1 600 smuigléir a bhí i gceist sna cásanna sin.

(35) Measann údaráis na Gearmáine go bhfuil triail bainte as bearta malartacha, amhail seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann, úsáid na teicneolaíochta (amhail dróin, ceamaraí faireachais, uathaithint uimhirphlátaí) chomh maith le comhar póilíneachta trasteorann agus comhar um athligean isteach idir Ballstáit chomharsanachta agus measann siad nach bhfuil siad éifeachtach go leor chun gníomhú in ionad rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear formáid aonfhoirmeach le haghaidh na tuarascála ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/308, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/308/oj).

(36) Le cásdlí Chúirt Bhunreachtúil na Cónaidhme forchuirtear teorainneacha ar úsáid chórasach córas aitheanta uimhirphlátaí. Thairis sin, cé gur féidir le huirlisí teicniúla feithiclí agus daoine a shainaithint, ní féidir leo na coinníollacha maidir le dul isteach le haghaidh náisiúnach tríú tír a fhíorú.

(37) Áitíonn údaráis na Gearmáine, in éagmais rialú teorann inmheánaí a athbhunú, nach gceadaítear leis an dlí náisiúnta d'Údarás Póilíneachta na Gearmáine seiceálacha teorann a dhéanamh ar an bhforas amháin go dtrasnaítear an teorainn agus bearta a dhéanamh láithreach chun dul isteach a dhiúltú do dhaoine nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir le dul isteach. Leis na seiceálacha sin, is féidir smuigleáil daoine a chosc agus a bhrath go luath, ar bhealach níos spriocdhírithe, rud a chosnaíonn íospartaigh na smuigleála daoine freisin.

(38) Áitíonn údaráis na Gearmáine go ndéantar meánaíocht ar sheiceálacha teorann ag an teorainn inmheánach talún agus go n-oiriúnaítear iad don staid ag gach roinn den teorainn inmheánach chun a dtionchar ar thrácht trasteorann a íoslaghdú agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrácht a sheachaint, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Déantar déine, suíomh, fad agus méid na seiceálacha teorann a oiriúnú ag brath, *inter alia*, ar an staid ag an teorainn inmheánach talún agus ar an mbonneagar tráchta áitiúil. Ar an gcúis sin, níl liosta de phointí trasnaithe teorann údaraithe curtha isteach ag údaráis na Gearmáine.

Barúlacha ón gCoimisiún

(39) Chuir údaráis na Gearmáine faisnéis ar fáil maidir leis na gnéithe éagsúla de na bagairtí tromchúiseacha sainaitheanta ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí chomh maith le hargóintí chun bunús a thabhairt leis an riachtanas agus leis an gcomhréireacht a bhaineann leis an rialú teorann inmheánaí a athbhunaíodh.

(40) Tugann an Coimisiún dá aire, cé go bhféadfadh an staid dheacair slándála dhomhanda a bheith ina cúis mhór imní do shlándáil náisiúnta na mBallstát, ní sholáthraítear sna fograí anailís leordhóthanach lena míneofaí an difear a ndéanann an timpeallacht slándála dhomhanda don Ghearmáin go sonrach, agus conas a thagann an bhagairt sin chun cinn ag codanna sonracha de na teorainneacha inmheánacha talún inar athbhunaíodh na rialuithe.

(41) Ní féidir leis an gCoimisiún, de réir na faisnéise a sholáthraítear sna fógraí, a shuí go mionsonraithe conas a thabharfaidh athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí aghaidh ar an mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil náisiúnta a shainaithin an Ghearmáin, go háirithe i ndáil le coireanna foréigneacha arna ndéanamh ag daoine atá i láthair sa chríoch náisiúnta cheana féin.

(42) Aithníonn an Coimisiún go bhfuil staid chasta imirce roimh an nGearmáin, mar is léir ó shonraí maidir leis an líon foriomlán iarratas ar thearmann, lena n-áirítear na hiarratais sin a thaisctear tar éis teacht isteach neamhúdaraithe, ó iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá cláraithe i mBallstát eile, ó thairbhithe cosanta idirnáisiúnta i mBallstát eile, chomh maith leis an líon ceadanna arna n-eisiúint do bhaill teaghlaigh dídeanaithe aitheanta chun críche athaontaithe teaghlaigh. Rinne an gá tacaíocht a thabhairt do thairbhithe cosanta sealadaí tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine difear freisin d'acmhainneacht na Gearmáine dálaí glactha leordhóthanacha a sholáthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

(43) Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír a bheith ina bhforas chun rialú teorann inmheánaí a athbhunú más rud é go bhfuil na gluaiseachtaí neamhúdaraithe sin ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. I ndáil leis sin, in Airteagal 25(1)(c) de Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe, tagraítear go sonrach don staid ina gcuireann gluaiseachtaí tobanna neamhúdaraithe ar mórscála náisiúnach tríú tír idir na Ballstáit brú substaintiúil ar acmhainní foriomlána agus ar acmhainneachtaí na n-údarás inniúil dea-ullmhaithe, rud ar dócha go gcuirfidh sé feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú teorann inmheánaí i mbaol.

(44) Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh easnaimh ó thaobh rialú teorann seachtraí a bheith ina bhforas chun rialú teorann inmheánaí a athbhunú más rud é go bhfuil na heasnaimh sin ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le hAirteagal 29(2) de Chód Teorainneacha Schengen freisin do nós imeachta sonrach faoina bhféadfaidh an Chomhairle, in imthosca eisceachtúla, a mholadh go ndéanfadh Ballstát amháin nó níos mó rialú teorann a athbhunú ag a dteorainneacha inmheánacha ar fad nó ag codanna sonracha dá dteorainneacha inmheánacha, i gcás ina bhfuil feidhmiú foriomlán an limistéir gan rialú teorann inmheánaí i mbaol mar thoradh ar easnaimh thromchúiseacha leanúnacha a bhaineann le rialú teorann seachtraí agus a mhéid atá na himthosca sin ina mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí nó ar an tslándáil inmheánach.

(45) Léiríonn sonraí a fuarthas le déanaí go bhfuil feabhas mór tagtha ar staid imirce na hEorpa agus ar an staid imirce náisiúnta araon. Thug an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta faoi deara gur tháinig laghdú géar ar thrasnuithe teorann neamhúdaraithe san Aontas ag teorainneacha seachtracha in 2024. In 2025, de réir Fheasacht agus Anailís Chomhtháite Staide an Aontais, tháinig laghdú aon cheathrú ar thrasnuithe teorann neamhúdaraithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais i gcomparáid le 2024 (180 429 in 2025, i gcomparáid le 240 199 in 2024). De réir na sonraí a chuir údaráis na Gearmáine ar fáil go poiblí, in 2024 tháinig laghdú 30,2 % ar an líon céad iarratas ar thearmann ([6]). Cuireadh dlús leis an treocht anuas sin sna chéad 9 mí de 2025, ar tháinig laghdú 51 % breise ar an líon céad iarratas ar thearmann lena linn ([7]). Tá an laghdú sin mar chuid de threocht níos mó, mar gheall ar iarrachtaí comhchoiteanna a bhfuil méadú tagtha orthu chun teorainneacha seachtracha an Aontais a chosaint, agus ní féidir é a chur i leith rialú teorann inmheánaí a bheith athbhunaithe ag an nGearmáin.

(46) D'fhéadfadh athbhunú rialaithe teorann inmheánaí rannchuidiú le trasnuithe teorann neamhúdaraithe isteach ar chríoch Bhallstáit a bhrath, athligean isteach tapa ag an teorainn inmheánach a éascú agus a áirithiú go mbraitear gluaiseachtaí tánaisteacha iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta go tapa, rud a fhágann gur féidir rialacha Rialachán Bhaile Átha Cliath ([8]) maidir le leithdháileadh freagrachta as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar thearmann a chur i bhfeidhm i gceart. Mar sin féin, ní léiríonn an fhaisnéis a sholáthraítear sna fógraí maidir leis an líon daoine a ghabhtar agus athligtear isteach forbairt na líonta sin le himeacht ama, ná ní thugann sí údar le síneadh ginearálta a chur le rialú teorann inmheánaí a athbhunú agus é a threisiú de réir a chéile ag na teorainneacha inmheánacha talún ar fad gan idirdhealú.

(47) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht nach n-athraítear oibleagáidí na Gearmáine faoi na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais maidir le tearmann agus filleadh trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Trí *acquis* an Aontais maidir le tearmann agus filleadh a chomhlíonadh ag na teorainneacha inmheánacha a tugadh isteach arís, cuirtear cosc ar thuilleadh gluaiseachtaí neamhúdaraithe agus is féidir obair leantach iomchuí a dhéanamh i gcás inar sainaithníodh duine mar riosca slándála.

(48) Tugann an Coimisiún dá aire go ndearna Cúirt Riaracháin Bheirlín beart eatramhach an 2 Meitheamh 2025 in aghaidh dhiúltú údaráis na Gearmáine forálacha Rialachán Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm maidir le triúr iarratasóirí ar thearmann ag an teorainn inmheánach leis an bPolainn ([9]). Ní cinneadh críochnaitheach é sin go fóill i bpríomhimeachtaí na cúirte.

(49) Fuair an Coimisiún faisnéis ó Bhallstáit chomharsanachta na Gearmáine maidir le filleadh díreach ag an teorainn inmheánach lasmuigh de chreat na gcomhaontuithe nó na socruithe um athligean isteach atá ann cheana, rud a tharraingíonn ábhair imní slándála anuas chomh maith le ceisteanna maidir le héifeachtacht agus dlíthiúlacht an chur chuige sin.

([6]) Bundesamt für Migration und Flüchtlinge. (2024). *Aktuelle Zahlen, Ausgabe: Dezember 2024*. https://www.bamf.de/SharedDocs/Anlagen/DE/Statistik/AsylinZahlen/aktuelle-zahlen-dezember-2024.pdf?__blob=publicationFile&v=3.

([7]) Bundesamt für Migration und Flüchtlinge. (2025). *Aktuelle Zahlen, Ausgabe: Mí Mheán Fómhair 2025*. https://www.bamf.de/SharedDocs/Anlagen/DE/Statistik/AsylinZahlen/aktuelle-zahlen-september-2025.pdf?__blob=publicationFile&v=4.

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (IO L 180, 29.6.2013, lch. 31).

([9]) VG Berlin, Beschluss vom 2.6.2025, VG 6 L 191/25, ECLI:DE:VGBE:2025:0602.6L191.25.00; VG Berlin, Beschluss vom 2.6.2025, VG 6 L 192/25, ECLI: DE:VGBE:2025:0602.6L192.25.00; VG Berlin, Beschluss vom 2.6.2025, VG 6 L 193/25, ECLI:DE:VGBE:2025:0602.6L193.25.00.

(50) Ní luaitear sna fógraí cúiseanna sonracha lenar roghnaíodh an raon feidhme gheografaigh agus ama a bhaineann leis an gcinneadh rialú teorann inmheánaí a athbhunú. Ní thugtar aon mhíniú ar an bhfáth a ndealraíonn sé gurb é an tréimhse 6 mhí, seachas tréimhse níos giorra, an tréimhse is iomchuí. Ní thugtar aon mhíniú ach oiread le rialú teorann a athbhunú ag gach teorainn inmheánach talún gan idirdhealú, rud a thabharfadh le tuiscint gurb ionann leibhéal na bagartha tromchúisí don bheartas poiblí agus don tslándáil inmheánach ag gach teorainn inmheánach talún.

(51) Tugann an Coimisiún dá aire rún sonraithe údaráis na Gearmáine rialú teorann inmheánaí a dhéanamh ar bhealach a chuireann teorainn leis an tionchar ar thrácht trasteorann. Tugann an Coimisiún faoi deara freisin gur tugadh fógra ó bhéal do sheirbhísí an Choimisiúin faoi ghéarú forchéimnitheach an rialaithe teorann inmheánaí a fógraíodh an 7 Bealtaine 2025 ach nár léiríodh é sna fógraí ina dhiaidh sin uaidh.

(52) Sa thuarascáil bhliantúil uaidh an 8 Iúil 2025, cháin Coimisinéir na bPóilíní Cónaidhme an brú a chuirtear ar an bhfórsa póilíneachta náisiúnta trí rialú teorann inmheánaí a athbhunú go foriomlán, rud a théann chun dochair do ghnáthdhualgais phóilíneachta, agus d'iarr sé go mbeadh cur chuige níos saincheaptha ann maidir le rialú teorann inmheánaí a athbhunú a bheadh bunaithe ar dhálaí réigiúnacha ([10]).

III. BEARTA MALARTACHA

Seasamh Údaráis na Gearmáine

(53) Deir údaráis na Gearmáine nach leor na bearta malartacha a mhol an Coimisiún ina sna Moltaí uaidh an 23 Samhain 2023 ([11]) chun dul i ngleic leis an mbagairt thromchúiseach ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil inmheánach arna sainaithint ar a gcríoch.

(54) Thairis sin, seiceálacha póilíneachta laistigh den chríoch de réir an dlí náisiúnta agus mar a luaitear in Airteagal 23 de Chód Teorainneacha Schengen, go háirithe spotseiceálacha randamacha, leanfar de na seiceálacha sin a dhéanamh ar fud an limistéir teorann.

(55) Áitíonn údaráis na Gearmáine nach féidir seiceálacha póilíneachta a dhéantar laistigh den chríoch a dhéanamh in ionad rialaithe teorann inmheánaí a athbhunú, ós rud é nach féidir iad a úsáid, faoi dhlí na Gearmáine, chun coinníollacha maidir le dul isteach a sheiceáil. Is le rialú teorann inmheánaí a athbhunú, agus leis sin amháin, is féidir seiceáil a dhéanamh ar dhaoine toisc go dtrasnaíonn siad teorainn inmheánach agus cinneadh a eisiúint maidir le dul isteach a dhiúltú.

(56) Áitíonn údaráis na Gearmáine, mar riail ghinearálta, go gcuirtear cinntí maidir le dul isteach ar chríoch na Gearmáine a dhiúltú in iúl do na Ballstáit chomharsanachta faoi chuimsiú dlúthchomhar póilíneachta teorann. Is amhlaidh atá maidir le hathligean isteach faoi chuimsiú comhaontuithe déthaobhacha um athligean isteach.

(57) Deir údaráis na Gearmáine go bhfuil úsáid teicneolaíochta, amhail dróin, ceamaraí faireachais agus córas uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR) bunaithe ar an dlí náisiúnta agus, ag brath ar an teicneolaíocht a úsáidtear, go bhféadfadh ceanglais níos déine a bheith ag baint leo maidir lena n-úsáid ná rialú teorann inmheánaí. Tá sé chóras le haghaidh faireachas ceamara agus ANPR in úsáid cheana féin le haghaidh faireachas másbhunaithe agus neamhchórasach. De réir údaráis na Gearmáine, áfach, ní féidir na córais sin a úsáid in ionad rialú teorann inmheánaí a athbhunú, ós rud é nach bhfuil siad dírithe ar imirce neamhdhleathach a bhrath agus a chosc agus nach féidir leo ach tacú le cúraimí rialaithe na bPóilíní Cónaidhme.

(58) Oibríonn Póilíní Cónaidhme na Gearmáine go dlúth lena n-údaráis chomhpháirtíochta sna tíortha comharsanachta. Tá comhaontuithe forfheidhmithe dlí i bhfeidhm acu leis na Ballstáit chomharsanachta uile agus tá siad i mbun plé gníomhach chun na comhaontuithe atá ann cheana leis an Ostair, an Danmhairg, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír a thabhairt cothrom le dáta.

([10]) Deutscher Bundestag Drucksache 21/750 --- Tätigkeitsbericht des Polizeibeauftragten über den Zeitraum vom 1. Juli 2024 bis zum 30. Juni 2025.

([11]) Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha (IO L, 2024/268, 17.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/268/oj).

(59) De réir údaráis na Gearmáine, d'fhéadfadh comhar póilíneachta a bheith éagsúil sna réigiúin éagsúla agus tá sé oiriúnaithe do na riachtanais ar an dá thaobh den teorainn. Cuimsítear leis an gcomhar trasteorann sin comhroinnt tráthrialta faisnéise agus comhordú beart (comhpháirteach) feadh na gcomhtheorainneacha agus sa limistéar teorann, go háirithe patróil chomhpháirteacha, ach oiliúint agus measúnuithe riosca comhpháirteacha freisin.

(60) Tá Comhionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim agus/nó Comhoifigí Idirchaidrimh bunaithe go buan ag teorainneacha inmheánacha talún uile na Gearmáine. Oibríonn údaráis slándála ó na réigiúin teorann le chéile ansin, comhordaíonn siad oibríochtaí trasteorann agus tacaíonn siad leo agus malartaíonn siad faisnéis maidir leis an staid. Ina theannta sin, déantar oifigigh idirchaidrimh ó na Póilíní Cónaidhme a imlonnú chuig Lárionad um Chomhar Póilíneachta Thörl-Maglern i gcás na hOstaire, na Slóivéine agus na hIodáile.

(61) Cruthaíonn na Póilíní Cónaidhme táirgí meastóireachta comhpháirteacha ar an leibhéal lárnach, áitiúil agus réigiúnach le húdaráis chomhpháirtíochta eachtracha.

Barúlacha ón gCoimisiún

(62) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta malartacha á gcur i bhfeidhm go gníomhach ag an nGearmáin a ghabhann le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí agus a mhaolaíonn an tionchar a bhaineann leis.

(63) Chuir na Ballstáit chomharsanachta an Coimisiún ar an eolas faoi easpa malartaithe faisnéise ag na teorainneacha inmheánacha a tugadh isteach an athuair, go háirithe maidir le comhaontuithe déthaobhacha um athligean isteach a chur i bhfeidhm.

(64) Is díol sásaimh don Choimisiún na tionscnaimh chun comhaontuithe déthaobhacha um chomhar póilíneachta leis an Ostair, an Danmhairg, an Fhrainc, Lucsamburg agus an Ísiltír a thabhairt cothrom le dáta.

(65) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil comhaontuithe um athligean isteach i bhfeidhm ag an nGearmáin leis na Ballstáit chomharsanachta uile. Is díol sásaimh don Choimisiún na tionscnaimh a rinneadh le déanaí leis an bhFrainc agus Lucsamburg chun teacht ar shocruithe praiticiúla maidir le cur i bhfeidhm an nós imeachta aistrithe faoi Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen.

(66) Meabhraíonn an Coimisiún, fiú in éagmais rialú teorann inmheánaí a athbhunú, go bhféadfaidh údaráis na mBallstát leanúint de chumhachtaí poiblí a fheidhmiú, lena n-áirítear na cumhachtaí sin atá dírithe ar imirce neamhdhleathach a laghdú i limistéir teorann inmheánaí. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhforáiltear sa dlí náisiúnta maidir leis na teorainneacha ar úsáid beart malartach, go háirithe úsáid teicneolaíochta agus seiceálacha póilíneachta i limistéir teorann.

IV. BEARTA MAOLAITHE

Seasamh Údaráis na Gearmáine

(67) Dearbhaíonn údaráis na Gearmáine go ndéantar seiceálacha teorann inmheánaí go comhréireach agus ar bhonn na staide ar an láthair, agus go bhfuil a raon feidhme agus a ndéine oiriúnaithe do dhálaí tráchta chun cur isteach ar chomaitéirí, gnólachtaí agus taistealaithe a íoslaghdú.

(68) Téann údaráis na Gearmáine i mbun dlúth-idirphlé leanúnach ar leibhéil éagsúla le húdaráis áitiúla sna réigiúin trasteorann agus le húdaráis na dtíortha comharsanachta, go háirithe maidir le tionchar athbhunú sealadach an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha.

(69) Tá bearta sábháilteachta tráchta déanta ag údaráis na Gearmáine, lena n-áirítear laghduithe luais incriminteacha ar bhóithre gnóthacha, bearta a chuirtear chun feidhme de réir mar is gá agus a chomhordaítear le comhpháirtithe náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

(70) Déanann údaráis na Gearmáine bearta bainistithe tráchta áitiúla a oiriúnú go leanúnach i gcomhairle leis na húdaráis chun plódú a mhaolú, agus déantar bearta maolaithe go pras nuair is gá.

(71) Tá córas faireacháin náisiúnta curtha ar bun ag údaráis na Gearmáine chun aon éifeacht dhiúltach ghearrthéarmach ar thrácht trasteorann a bhrath agus chun aghaidh a thabhairt uirthi. Go dtí seo, níl aon mhórchur isteach ná aon chur isteach marthanach tugtha faoi deara agus níl aon mhoill taifeadta a mhair níos mó ná 30 nóiméad mar gheall ar phlódú de bharr seiceálacha ar thrácht trasteorann a theacht isteach sa tír.

(72) Chuir údaráis na Gearmáine an earnáil lóistíochta ar an eolas faoi rialú teorann inmheánaí a athbhunú tríd an Aireacht Iompair agus tá pointe teagmhála tiomnaithe curtha ar fáil. Níl aon ghearán mór déanta.

(73) Tá barrfheabhsú déanta ag údaráis na Gearmáine ar an mbonneagar tráchta i gcás inar féidir. Mhol siad pointí rialaithe a athlonnú chuig críoch tíortha comharsanachta chun sreabha a éascú. Féadfar oiriúnuithe struchtúracha ar mhótarbhealaí sa Ghearmáin a mheas ach ní féidir iad a chur chun feidhme sa ghearrthéarma.

Barúlacha ón gCoimisiún

(74) Tugann an Coimisiún dá aire tiomantas údaráis na Gearmáine a áirithiú go leanfaidh tionchar an rialaithe teorainn inmheánaí de bheith teoranta mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(3) de Chód Teorainneacha Schengen.

(75) Tá fógra tugtha ag an nGearmáin faoina réigiúin trasteorann faoi Airteagal 42b de Chód Teorainneacha Schengen.

(76) Tá bearta déanta ag an nGearmáin, faoi threoir an Choimisiúin agus i ndlúthchomhar lena Ballstáit chomharsanachta, chun éascaíocht an tráchta ag na pointí trasnaithe talún inmheánacha inar athbhunaíodh na rialuithe a fheabhsú.

(77) D'ainneoin na hiarrachtaí ó údaráis na Gearmáine tionchar an rialaithe teorann inmheánaí a mhaolú, tá go leor gearán faighte ag an gCoimisiún ó shaoránaigh agus ó ghnólachtaí a léiríonn go ndéanann athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí difear diúltach dóibh.

(78) Go háirithe ag na teorainneacha idir an Ghearmáin agus Lucsamburg, an Ghearmáin agus an Pholainn agus an Ghearmáin agus an Ísiltír, chruthaigh athbhunú an rialaithe teorann inmheánaí deacrachtaí do phobail teorann áitiúla, go háirithe d'oibrithe trasteorann.

(79) Is díol sásaimh don Choimisiún na feabhsuithe a rinneadh mar thoradh ar theagmhálacha déthaobhacha chun feabhas a chur ar an staid ag an teorainn idir an Ghearmáin agus Lucsamburg. Orthu sin, tá nós imeachta oibríochta nua a ghlacadh ag seicphointe Schengen (Markusbierg) ar mhótarbhealach A13 agus fógra comhpháirteach maidir le deireadh a chur le rialú teorann seasta ag seicphointe Trier (Sauertalbrücke), agus cuirfear seiceálacha soghluaiste laistigh de chríoch na Gearmáine ina ionad. Rinneadh teagmhálacha comhchosúla, d'fhonn feabhas struchtúrach a chur ar an staid ag an teorainn inmheánach, le húdaráis na hÍsiltíre agus na Polainne.

(80) Iarann an Coimisiún ar údaráis na Gearmáine aird shonrach a thabhairt ar na réigiúin trasteorann lena mbaineann athbhunú an rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha talún agus féachaint ar a mhéid a d'fhéadfaí réitigh theicneolaíocha nó shaincheaptha a mholadh de réir an réigiúin teorann nó na catagóire taistealaithe riachtanacha chun feabhas a chur ar éascaíocht an taistil trasteorann i ndlúthchomhar lena Ballstáit comharsanachta.

V. MOLTAÍ

(81) Tá limistéar Schengen dea-fheidhmiúil ag brath ar chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach an *acquis* maidir le himirce agus tearmann. Beidh tús chur i bhfeidhm an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann i mí an Mheithimh 2026 ina spreagadh tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le gluaiseachtaí neamhúdaraithe náisiúnach tríú tír nó ábhair imní imirce agus slándála a bhaineann leis an imirce neamhdhleathach, ar ábhair imní iad a chuir an Ghearmáin in iúl mar ghné amháin den údar le rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(82) Cuireann an Coimisiún in iúl, de bhun an Rialacháin maidir le Scagadh ([12]), atá mar chuid den Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann, go bhfuil seiceáil slándála ar na bunachair sonraí ábhartha uile ina cuid den scagadh ag na teorainneacha seachtracha, agus laistigh den chríoch freisin.

(83) Tá na hábhair imní slándála ar cheann de na cúiseanna a luaigh an Ghearmáin chun údar a thabhairt le hathbhunú an rialaithe teorann inmheánaí. Cuireann dlí an Aontais réimse leathan uirlisí ar fáil cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir údaráis na Gearmáine in iúl. Ba cheart do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na sásraí atá ann cheana chun slándáil agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí a fheabhsú. Áirítear orthu sin Rialachán Prüm II, Córas Faisnéise Schengen nua agus an reachtaíocht nua maidir le Réamhfhaisnéis faoi Phaisinéirí agus Taifead Ainmneacha Paisinéirí ([13]). Le teacht i bhfeidhm EES agus ETIAS, daingneofar na teorainneacha seachtracha a thuilleadh ([14]).

(84) Meabhraíonn an Coimisiún gur gá na hoibleagáidí faoi na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais maidir le tearmann agus filleadh ag na teorainneacha inmheánacha inar athbhunaíodh rialú teorann a urramú.

(85) Ba cheart d'údaráis na Gearmáine a gcomhar agus a malartú faisnéise lena Ballstáit chomharsanachta a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear an méid sin a fhorbairt trí athbhreithniú iomchuí a dhéanamh ar chomhaontuithe nó socruithe déthaobhacha um athligean isteach atá ann cheana agus/nó trí shocruithe praiticiúla a thabhairt i gcrích chun an nós imeachta aistrithe faoi Airteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen a chur i bhfeidhm, chomh maith lena chomhaontuithe déthaobhacha um chomhar póilíneachta le Ballstáit chomharsanachta.

([12]) Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).

([13]) Rialachán (AE) 2024/982 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 maidir le cuardach uathoibrithe agus malartú uathoibrithe sonraí le haghaidh comhar póilíneachta, agus lena leasaítear Cinntí 2008/615/CGB agus 2008/616/CGB ón gComhairle agus Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán Prüm II) (IO L, 2024/982, 5.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/982/oj); Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1862/oj); Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818 (IO L, 2025/13, 8.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/13/oj); Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, IO L 119, 4.5.2016, lch. 132; ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/681/oj.

([14]) Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2226/oj); Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

(86) Ba cheart d'údarás na Gearmáine leanúint d'aghaidh a thabhairt ar aon chonstaic dhlíthiúil nó oibríochtúil a chuireann bac ar úsáid éifeachtach beart malartach, amhail teorainneacha faoin dlí náisiúnta chun doiciméid céannachta a iarraidh agus comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le dul isteach agus fanacht dleathach laistigh den chríoch a fhíorú, nó úsáid modhanna teicneolaíochta, amhail aitheantas uimhirphlátaí, ag a teorainneacha inmheánacha chun críoch bainistithe imirce.

(87) Cuireann an Coimisiún i dtábhacht go bhféadfadh úsáid beart malartach, lena n-áirítear réitigh theicneolaíocha, a bheith ina modh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí chun ardleibhéal slándála a áirithiú, gan gá le rialú teorann inmheánaí a athbhunú.

(88) Ba cheart d'údaráis na Gearmáine oibriú i dtreo deireadh a chur de réir a chéile leis an rialú teorann inmheánaí, ar bhonn cur chuige saincheaptha de réir na coda den teorainn inmheánach agus de réir na bagartha agus leas iomlán á baint as na bearta malartacha atá ar fáil a leagtar amach i Moladh (AE) 2024/268 ón gCoimisiún agus as na féidearthachtaí faoi Chód Teorainneacha Schengen. Ba cheart na bearta atá ann cheana a threisiú agus a chomhlánú leis na bearta sin. Spotseiceálacha neamhstatacha, neamhchórasacha rioscabhunaithe, lena n-áirítear seiceálacha póilíneachta sa limistéar teorann agus comhar treisithe póilíneachta agus comhar treisithe maidir le hathligean isteach leis na Ballstáit chomharsanachta, is éard a bheadh i gceist leo céad chéim chun deireadh a chur de réir a chéile le rialú teorann inmheánaí.

(89) An comhar rathúil leis na Ballstáit chomharsanachta, chomh maith le bearta malartacha a chur i bhfeidhm, measann an Coimisiún go gcuireann siad bonn láidir ar fáil ar ar féidir leis an nGearmáin oibriú anois chun deireadh a chur de réir a chéile leis an rialú teorann inmheánaí, gan iallach a bheith uirthi baint dá tslándáil nó dá rialú imirce. Fanfaidh sé i ndlúth-theagmháil leis na Ballstáit uile lena mbaineann chun an sprioc sin a bhaint amach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Magnus BRUNNER
Comhalta den Choimisiún